

Trén bhFearann Breac

le Colm Breathnach

Foghlaim
TG4

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Trén bhFearann Breac



Teideal an Dáin


Is teideal cliste agus spéisiúil é an teideal ‘Trén bhFearann Breac’. Spreag teideal an dáin a lán leabhar, Trén bhFearann Breac le Máirín Nic Eoin agus The Speckled People le Hugo Hamilton ina measc.

Is leagan canúnach den réamhfhocal leis an alt ‘tríd an’ é ‘trén’. Leagann an file an-bhéim ar a chanúint nádúrtha Chorcaí ón tús agus éagsúlacht na gcanúintí sa Ghaeilge a léiríonn ilghnéitheacht agus solúbthacht na teanga. Tá air dul tríd an tír seo agus é ar aistear anama agus fisiciúil sa dán seo. Tá an tír, nó an ‘fearann’ mar a thugann an file air, lán le codarsnachtaí, contrárthachtaí agus cosúlachtaí. Is spéisiúil an focal é fearann seachas tír, focal is ea é fearann a léiríonn ithir an talaimh nó an chré féin atá ríthábhachtach do na Gaeil toisc gur baineadh é uathu. Tá úsáid na haidiachta ‘breac’ cliste agus lán le himeartas focal. Is féidir le rud a bheith breac le botúin, duine a bheith chomh folláin le breac, breac a fháil san abhainn agus é a ithe, nótaí a bhreacadh síos nó daoine a bheith ag breacadh leo. Léiríonn éagsúlacht na mbrí sin, san aon fhocal amháin, an saibhreas a bhaineann leis an nGaeilge agus an éagsúlacht a léiríonn sí.

Léiríonn saibhreas an teideal seo ilghnéitheacht na n-ábhar a phléann an file ann agus ní haon ionadh é, mar sin, gur spreag an teideal seo a lán filí agus scríbhneoirí eile agus iad ag machnamh ar shaol ilchultúrtha, ilghnéitheach agus ilteangach na hÉireann.



Trén bhFearann Breac




Príomhthéama an Dáin

Is é príomhthéama an dáin ná caillteanas. Is iomaí caillteantas a léirítear sa dán. Tá caillteanas caidrimh, féiniúlachta, fisiciúil, cultúir agus teanga ina measc.

- Tosaíonn an dán láithreach le béim ar chailteanas caidrimh. ‘Ní labhraíonn sí a thuilleadh liom, an áit seo,/ [i]s níl aon bhuanaíocht ag mo theanga níos mó inti.’ Tá scoilt láithreach idir an file agus a áit dhúchais, a bhealach cailte aige agus é ag iarraidh caidreamh a chaomhnú nach bhfuil chomh dlúth agus a bhí.
- Tá tuilleadh caillteanais le feiceáil sa véarsa céanna leis na híomhánna de mheath agus de bhás na féiniúlachta. Tá ‘préamhacha’ an fhile ag dul ‘síos fad áirithe/is táid ag dreo anois cheal taca uaithi’. Tá an file ag mothú cailte in Éirinn toisc gur ‘fás coimhthíoch’ é agus é ar imeall na sochaí míchairdiúla seo.
- Leanann téama an chailteanais ar aghaidh sa dara véarsa agus an file ag dul ‘ar an mbóthar idir dhá chathair’. Tá turas meafrach anama agus turas fisiciúil le feiceáil sa véarsa seo agus an file ag taisteal ‘trén bhfearann breac’ agus é ag lorg a chló féin agus a



Trén bhFearann Breac




Príomhthéama an Dáin

cheann scribe. Tá sé cáillte ‘idir dhá áit’ é cloíte ag na hainmneacha dúchais atá ‘sa chló iodálach’. Mothaíonn sé go bhfuil a fhéiniúlacht caillte aige toisc go bhfuil ‘claoninsint’ ar bun agus gur ‘faoninsint’ í seo ar a scéal féin.

- Sa tríú véarsa déanann an file an caillteanas cultúir agus teanga ina shaol a threisiú agus é ag tagairt do chlár fichille meafrach. Úsáideann sé meafar an chlár fichille le cur síos a dhéanamh ar na deacrachtaí atá aige maireachtáil sa spás idir-eatarthu agus é ag iarraidh a bheith ina ‘ridire’ ar an gclár agus gabháil ‘timpeall’ ach go bhfuil sé ‘teanntaithe’ ag na píosaí eile ar an gclár. Tá gach duine agus gach áit ina choinne, na ‘caisleáin’, na ‘cléirigh’ agus ‘an ríon féin’ fiú. Seasann seo ar fad do dhoicheallacht na sochaí i gcoinne an té atá ag iarraidh an Ghaeilge a labhairt.
- Is véarsa an-spéisiúil é an véarsa deireanach ina chailleann an file a ghreim ar an bhfilíocht fiú. Tá an véarsa breac le caillteanas, an file ‘[i]dir dhá dhath/idir dhá fhocal/idir dhá ainm/idir dhá aigne/idir dhá áit/idir dhá theanga’. Tá sé gafa ag maorlathas agus ag doicheallacht na sochaí agus ní fheiceann sé bealach ar bith as. Tá sé caillte, tá a fhéiniúlacht agus a theanga caillte aige agus é ‘idir dhá shaol’ san fhearann breac seo.



Trén bhFearann Breac



Teicnící Fileata

Imeartas focal (nuair a dhéantar casadh greannmhar nó íoróineach ar fhocal nó ar nath)

‘faoininsint vs claoninsint’

Sampla eile: _____

Rím (focal atá an-chosúil le focal eile ó thaobh fuaime de, nó sraith línte a chríochnaíonn ar fhuaimeanna atá an-chosúil lena chéile Foclóir.ie)

‘n-ionsód/mbród’

Sampla eile: _____

Uaim (nuair a thosaíonn focail leis an litir chéanna)

‘salann ar an sraith’

Sampla eile: _____


Meafar (nuair a dhéantar comparáid idir dhá rud go siomblach)

‘chuaigh mo phréamhacha síos’

Sampla eile: _____



Trén bhFearann Breac



Teicnící Fileata

An chéad phearsa (mé/mo – ag caint ó do dhearcadh féin)

‘Ní labhraíonn sí a thuilleadh liom’

Sampla eile: _____

Athrá (nuair a úsáidtear nath nó focal arís agus arís eile le béim a leagan air)


‘idir’


Sampla eile: _____

Úrsárú (nuair a leanann abairt ar aghaidh gan phoncaíocht chun gluaiseacht a chur in iúl go siomblach)

‘[I]dir dhá dhath/idir dhá fhocal/idir dhá ainm/idir dhá aigne/idir dhá áit’

Sampla eile: _____





Idir na Línte

Foghlaim
TG4